BHUEL! FEABHRA / MÍ NA FÉILE BRÍDE 2013
© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Tradfest 2013
1 – 3 Feabhra

Bíonn ceol den scoth le clos gach bliain le linn TradFest Chorcaí, eagraithe ag Cumann an Cheoil Thraidisiúnta, agus is é an scéal céanna i mbliana é. Beidh na ceoltóirí is fearr sa tír le cloisteáil, *Niall Keegan, Damien Mullane* agus *Four Men and a Dog* ina measc. Is iontach an deireadh sechtaine a bheidh ann idir cheardlanna, comórtaisí agus ceolchoirmeacha. Is féidir freastal ar fhormhór des na himeachtaí seo agus ticéad deireadh seachtaine agat a chosnaíonn €20. Beidh seisiúin sa choláiste agus timpeall na cathrach. Tá níos mó eolais le fáil ar www.ucctradsoc.com/corktradfest. Scaipigí an scéal, beidh deireadh seactaine iontach i gCorcaigh an deireadh seachtaine seo. Bígí linn! **Sinéad Ní Mhóinbhíol**

Dé hAoine:

13.00: Oscailt oifigiúil agus ceolchoirm sa Glucksman.

21.00: Cath na mBannaí san Oilibhéar Pluincéad.

Dé Sathairn:

10:00: Ardrang le Damien Mullane, Niall Keegan, Eileen O'Brien, Hugh Healy, Nell Ní Chróinín agus Pádraig Ó Dubháin.

14:00: Ceolchoirm na dTeagascóirí agus Léacht le Niall Keegan dar teideal 'Why Play it Again? - A Practical Guide to Messing with a Tune' san Aula Max.

16.00: Ceolchoirm le Damien O' Reilly agus Caoilfhionn Ní Fhrighil sa Grafton.
17.00: Ceolchoirm le hAlan Finn agus Aileen O'Callaghan san Oven's.
18.00: Ceolchoirm le Hugh Healy agus Keith O'Loughlin san Imperial.

Dé Domhnaigh:

12.00: Aifreann Traidisiúnta i Sáipéal Uí Ónáin.

13.00: Bricfeast Traidisiúnta sa Glucksman.
14.00: Craobh an Chomórtais Cumadóireachta sa Glucksman.

15.00: An Seisiún Deireanach i dTigh Tábhairne Uí Chostagáin.

Bígí linn!

Reachtaire ThradSoc

Ainm? Timmy Collins / Tadhg Ó Coileáin.

Aois? 19.

Cad as duit? Coiscéim na Caillí, Co. Chorcaí, achar gearr ó

chroí Shliabh Luachra.

Cén cúrsa atá ar siúl agat? Na hEalaíona; An Mhata, An Fhraincis, An Creideamh agus An Ghaolainn ar ndóigh.

An rud is fearr mar gheall ar UCC? An tslí ina bhfuil gach éinne chomh bródúil as a bheith mar mhac léinn anso!

An focal Gaeilge is fearr leat? Scliúchas, nílim fiú cinnte go dtuigim an bhrí chruinn atá leis ach déarfainn go mbaineann sé le craic, raic agus ruaille buaille!

Des Bishop nó Daithí Ó Sé? Des Bishop gan amhras, brón orm a Dhaithí.

Foinse nó Gaelscéal nó an Irish Times? Foinse.

R na G nó Raidió Rí-Rá? RnaG, don cheol,don Ghaolainn bhinn,don chanúint!

Focal.ie nó acmhainn.ie? Focal.ie, mo dhlúthchara!

An iomáint nó an pheil ghaelach? Tá an dá spórt go hiontach, cén fáth nach cluichí idirnáisiúnta iad?

An uirlis cheoil is fearr? Bhuel, is dócha go gcaithfinn an fheadóg mhór a roghnú ach seachas é sin, an consairtín.

An ceoltóir / an t-amhránaí is fearr in Éirinn? Athraíonn sé ó lá go lá. Inniu? Dave Sheridan, fliúiteadóir.

An grúpa ceoil is fearr in Éirinn? Danú. Bhíos i mo cheoltóir tacaíochta dóibh ag Fleadh na Mumhan i nDún Garbhán agus thiteas i ngrá leo!

Ainm do pheata? Percy, mo ghluaisteán :P

Cén fáth gur chuir tú isteach ar an bpost mar Reachtaire an TradSoc? Chun obair a dhéanamh ar an saol Trad sa choláiste agus fáilte a chur roimh chách ceol traidisiúnta a sheinnt, a fhoghlaim, a chloisteáil agus súp a bhaint as!

Cad é do mheas ar an gceol traidsiúnta sa choláiste? Tá sé ag feabhsú gan dabht, ach déarfainn gur cheart duit an cheist sin a chur ar dhuine éigin eile :P

Cad eile a dhéanfaidh tú chun ceol traidisiúnta sa choláiste a fheabhsú? An saol sóisialta iontach a bhaineann leis a léiriú do gach éinne, níl faic níos fearr!

TradFest Chorcaí 2k13 abú!

6 0 Sóiscéil

Nóta Greamaithe don Chuisneoir

A ghrá geal mo chroí,
Níl slí ar bith go bhféadfainn é seo a rá go ceanúil,
(Mar sin, nílimse chun bacaint),
Táimid tar éis síobadh óna chéile ar nós an *Grand Canyon,*
Bhí sé de cheart againn é a fheiscint,
(Agus de cheart agamsa tú a sheoladh thar an imeall),
Bíodh a fhios agat nár mise a dh'athraigh,
Ach an gaol a bhí eadrainn,
(Agus iarmhéid do chuntais reatha),
Ceapaimse go mbeimid níos fearr mar chairde,
Nó daoine aitheantais,
(Nó stroinséirí fiú, déanfaidh sé sin an bheart chomh maith),
Lá éigin buailfidh tú le bean,
A chífidh an poitéinseal go léir atá ionat,
(.i. do sheanmháthair),
Ach go dtí sin,
Ná scaoil deor dom,
(Loitfidh tú mo chairpéad *cashmere*).

I.S: Is leatsa mo chroí,
(Agus m'eochracha, fág faoin mata iad led thoil).

An Cailín Cúthaileach

Éigse na Brídeoige

1-3 Feabhra 2013

www.eigsenabrideoige.com

Imbolc

16 Feabhra 2013
Ionad Cultúrtha, Baile Bhúirne.

http://www.imbolc.ie/

Foclóir Nua Béarla-Gaeilge

www.focloir.ie

Cúinne na Gaolainne

Bíonn an tarbh ag …

Bíonn an t-asal ag …

Bíonn na héin ag …

Bíonn an bhó ag ….

Bíonn an chaoire / an chaora ag …

Bíonn an gabhar ag …

Bíonn an coileach ag …

Bíonn an mhuc ag …

Bíonn an capall ag ….

Muire na nGael

"Anois teacht an Earraigh, beidh an lá ag dul chun síneadh is tar éis na Féile Bríde ardóidh mé mo sheol". Raiftearaí File.

"Gach re lá go maith ó mo lá-sa" arsa Naomh Bríd.

"Gach lá go maith ó mo lá-sa" arsa Naomh Pádraig.

Seanfhocail:
Faoi bhrat Bhríde sinn.
Ní hualach do dhuine a bhrat.
Ná leath do bhrat ach mar a fhéadfair é a chlúdach.

Ceistín:
Cár rugadh Naomh Bríd?

Scoláireachtaí Gaeltachta

'Chaitheamar seachtain iontach sa ghaeltacht i gCiarraí, mholfainn d'aon scoláire é.'
Evelyn

'Taithí iontach éagsúil a bhí agam ar an Scoláireacht – ag fanacht le clann, ag caint le haoíchainteoirí agus ag baint súip as saol sóisialta na háite. Fuaireamar taithí agus léargas iontach ar shaol na Gaeltachta.'
Christine

'An tseachtain is fearr riamh i mo shaol.' **John**

'Bhí sé ar fheabhas.' **Eric**

'Deis iontach atá ann, go háirithe do dhaoine nach mbíonn an deis acu Gaeilge a labhairt de ghnáth agus bhí an áit go hálainn.' **Rónán**

Tar go dtí G.01 san ORB aon lá idir **18/02/'13 – 21/02/'13.** Ná caill do sheans, bí linn!!!

Cúrsa Nua san Aistriúchán

- Beidh **cúrsa aistriúcháin (Gaeilge agus Béarla) á reáchtáil ag Ionad na Gaeilge Labhartha, Coláiste na hOllscoile Corcaigh**. Seacht seachtaine (14 u.a.c.) a bheidh i gceist leis an gcúrsa seo. Tosnóidh sé **Dé Céadaoin 6 Feabhra 2013** agus beidh sé ar siúl **idir 5:00 agus 7:00 i.n.** i seomra **G.01, Áras Uí Rathaille** gach Céadaoin go dtí 20.03.13.

- Déanfar iniúchadh sa chúrsa seo ar aistriú téacsanna éagsúla, ina measc, tuarascálacha, litríocht, treoracha, téacsleabhair scoile, paimfléid, comharthaí srl.

- Féachfar ar mhionphointí gramadaí a bhaineann go dlúth le ceird an aistriúcháin. Scrúdófar an Caighdeán Oifigiúil, an stair a bhaineann leis agus na hathruithe atá tagtha ar an bhfód le déanaí.

- Múinfear roinnt scileanna eagarthóireachta.

- Pléifear cúrsaí stíle, mar shampla béarlachas!

- Tabharfar léargas chomh maith ar na foinsí atá ar fáil don aistritheoir, go háirithe iad san atá ar líne (focal.ie agus an foclóir nua…)

- Ní gá go mbeadh taithí ag rannpháirtithe an chúrsa seo ar an aistriúchán féin ach tá **ardchaighdeán Gaeilge** idir scríobh agus labhairt riachtanach don chúrsa seo.

- Táille €60 a bheidh ar an gcúrsa (€45 - ráta do mhic léinn).

- Más mian leat clárú don gcúrsa seo tabhair d'ainm d'Oifig na Gaeilge Labhartha @ 021-4902314. **Is féidir teagmháil a dhéanamh le Brian féin ag an uimhir 021-4903105 nó brianod@ucc.ie má tá tuilleadh eolais uait.**

Brian Ó Donnchadha,
Teagascóir-Aistritheoir,
www.ucc.ie/igl/aistriu

An tAonad Aistriúcháin
Ionad na Gaeilge Labhartha,
Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

Léachtaí Poiblí 2013

Dé Máirt, 12 Feabhra 2013, 5 p.m., G01, ÁUR
"Fiontraíocht agus Forbairtí Ghael-Linn 1953 – 2013"
Antoine Ó Coileáin, Príomhfheidhmeannach Ghael-Linn

Dé Máirt, 19 Feabhra 2013, 5 p.m., G01, ÁUR
"Eagarthóireacht Ghaeilge agus an Nua-Theicneolaíocht"
Pádraig MacFhearghusa, Eagarthóir Feasta, Iar-Uachtarán Chonradh na Gaeilge

Dé Máirt, 5 Márta 2013, 5 p.m., G01, ÁUR
"Réabhlóid Nuachta: Físiriseoireacht mar mhodh bailithe nuachta i gceantracha tuaithe – saol an iriseora teilifíse sa ré nua"
Seán Mac an tSíthigh, Iriseoir Teilifíse, TG4

Dé Máirt, 19 Márta 2013, 5 p.m., G01, ÁUR
"Suirbhé Logainmneacha Chontaetha Chorcaí 7 Chiarraí ~ bainistiú agus eagrú"
Éamon Lankford, Údar 7 Comheagraí, Coiste Logainmneacha Chorcaí

Breis eolais:
021-4903529 / 4902314

Fáilte roimh chách

Comórtas

Ainmnigh an duine seo a oibríonn in Áras Uí Rathaille.

€30 an duais!

Seol do fhreagra a, b nó c chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 22 Feabhra.

Eagarfhocal

Más mian le héinne píosa eolais, alt, scéilín nó dán a scríobh don chéad eagrán eile seol ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie

Beadsa thar n-ais!